Scríobh litir ar na hábhair seo a leanas:

(a) Tá na háiseanna spóirt go dona i do cheantar. Scríobh an litir a chuirfeá chun an Taoisigh faoin ábhar.

(b) Tá an iomarca trách ta i do cheantar. Scríobh litir chuig teachta Dála áitiúil faoin bhfadhb.

(c) Chonaic tú an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar chlár teilifíse, agus bhí fearg ort nuair a chuala tú é ag rá go raibh áiseanna nua-aimseartha i ngach scoil inniu. Scríobh an litir a chuirfeá chuige.

Litir 5: Litir chuig príomhoide na scoile

an príomhoide

an leas-phríomhoide

an rúnaí

múinteoirí

áiseanna na scoile

easpa leabhar sa leabharlann

an teilifíseán róbheag

an fístaifeadán briste

na ríomhairí an-sean

an seomra róbheag nó rómhór

an fhuinneog briste

an scoil rófhuar

an téamh briste

an scoil róthe

an tsaotharlann an-sean (*lab*)

an chistin an-sean

na háiseanna sean-aimseartha



an foirgneamh ródhorcha (*building too dark*)
an pháirc haca róbheag
na seomraí gléasta róbheag
easpa cithfholcadán (*lack of showers*)
na háiseanna go dona
an halla spóirt róbheag

na seomraí gléasta an-salach
na páirceanna peile rófhada ón scoil
na liathróidí an-sean
na múinteoirí cantalach (*cranky*)
an múinteoir corpoideachais an-chabhrach (*very helpful*)
atmaisféar an-mhaith sa scoil

bhí an cheolchoirm go hiontach
an seomra nua teilifíse an-deas
an seomra nua ealaíne róbheag
bhí an bus scoile déanach
bhí an tiománaí ag gearán fúinn (*complaining about us*)
bhíomar ag pleidhcíocht (*messing*)

bhí an trácht go huafásach ar maidin
bhí na soilse tráchta briste (*traffic lights*)
tá na leabhair sa leabharlann ró-páistiúil (*too childish*)
tá an leabharlann dorcha agus beag
ní bhíonn an leabharlann ar oscailt ag am lóin
níl an leabharlannaí cairdiúil
níl cead againn staidéar a dhéanamh sa leabharlann

Léigh an litir seo thíos agus foghlaim na nathanna cainte atá inti.

Scríobh litir thar ceann do ranga chuig príomhoide na scoile. Déan gearán faoi na háiseanna spóirt sa scoil.`

Coláiste Bhríde
Baile na Manach
Co. Bhaile Átha Cliath

18 Deireadh Fómhair

A Iníon Uí Chléirigh, a chara,

Táim ag scríobh chugat thar ceann rang 5.

An tseachtain seo caite bhí orainn cluiche leadóg bhoird a imirt in aghaidh Choláiste Eoin.

Nuair a chuamar isteach sa halla spóirt bhí cluiche leadóige ar siúl ann agus bhí orainn ár gcluiche a chur ar ceal.

Bhí daltaí Choláiste Eoin ar buile linn, agus dúirt an múinteoir corpoideachais go raibh an-bhrón uirthi. Bhí an-díomá orainn ag dul abhaile. Beidh orainn dul go dtí Coláiste Eoin an tseachtain seo chugainn chun an cluiche a imirt.

Tá spórt fíorthábhachtach do dhaltaí scoile inniu. Tá siad faoi bhrú obair bhaile a chríochnú agus staidéar a dhéanamh, agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh áiseanna spóirt le fáil i ngach scoil.

Iarraimid ort áiseanna spóirt na scoile a fheabhsú go luath. Bheadh áthas orainn an t-ábhar seo a phlé aon uair is mian leat.

Táimid ag tnúth go mór le freagra uait.

Mise le meas,

Treasa Ní Cheallaigh

Gluais

thar ceann – *on behalf of*
in aghaidh – *against*
cur ar ceal – *to cancel*
fíorthábhachtach – *very important*
áiseanna – *facilities*
iarraimid ort – *we ask you*
a fheabhsú – *to improve*

Líon na bearnaí sa litir thíos agus ansin foghlaim na nathanna cainte atá inti.

Scríobh litir thar ceann do ranga chuig príomhoide na scoile. Déan gearán faoi na háiseanna sa scoil.

Pobalscoil Íde
Longfort

1 Nollaig 2004

A Iníon de Barra, a _____,

Táim ag scríobh chugat thar ceann na ndaltaí i mo rangsa. Bíonn rang _____ againn gach Luan sa chistin, agus go minic ní bhíonn cead againn aon chócaireacht a dhéanamh.

Deir an múinteoir go bhfuil an _____ róbheag, agus dá bhrí sin bíonn ar leath den rang dul ag déanamh staidéir nuair atá na _____ eile ag cócaireacht. Níl ach trí oighean (*oven*) sa chistin agus doirteal (*sink*) amháin. Tá na _____ go léir seanaimseartha (*old-fashioned*), agus mar sin ní bhainimid taitneamh as an rang ar chor ar bith.

_____ ort brú a chur ar an Aire Oideachais agus _____ deontas a thabhairt don scoil chun cistin nua a thógáil go luath.

Mise le _____,

Sorcha Ní Riain

Liosta focal

daltaí, meas, bliain, cócaireachta, háiseanna, chistin, chara, Iarraimid, Eolaíochta

Scríobh litir ar na hábhair seo a leanas:

(a) Scríobh litir thar ceann do ranga chuig príomhoide na scoile. Déan gearán faoi leabharlann na scoile.

(b) Scríobh litir thar ceann do ranga chuig príomhoide na scoile. Déan gearán faoi na háiseanna sa scoil

(c) Scríobh litir chun an phríomhoide ag gearán faoin mbus scoile.